An tSeirbhís Phromhaidh
The Probation Service

**LEABHRÁN COMÓRTAIS D'IARRTHÓIRÍ**

LÉIGH GO CÚRAMACH LE DO THOIL

**COMÓRTAS OSCAILTE DO**

# Speisialtóir Foghlama agus Forbartha (Ardoifigeach Feidhmiúcháin)

**Dáta Deiridh: 5:00 in. Dé hAoine, 16 Feabhra**

Tá comhionannas deiseanna de pholasaí daingean ag an tSeirbhís Phromhaidh. Reáchtálfar an comórtas seo i gcomhréir le Cóid Chleachtais arna n-ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP). Tá na Cóid Chleachtais sin foilsithe ag an CCSP agus iad ar fáil ar www.cpsa.ie

## Réamhrá

Tá an deis ann anois do dhuine atá cáilithe agus tiomanta go cuí tabhairt faoin ról mar **Speisialtóir Foghlama agus Forbartha** leis an tSeirbhís Phromhaidh.

Meastar go bhféadfadh folúntais den chineál céanna teacht chun cinn i Ranna eile Rialtais amach anseo. Dá réir sin, cuirfear na hiarrthóirí a n-éireoidh leo sa chomórtas seo ar phainéal, in ord tuillteanais, agus d'fhéadfaí tarraingt ar an bpainéal sin chun róil eile amach anseo a líonadh.

Is deis iontach atá anseo do dhaoine cuícháilithe na cleachtais don chruthaitheacht dhigiteach laistigh den eagraíocht fostaíochta a mhúnlú.

## An tSeirbhís Phromhaidh.

Is gníomhaireacht í an tSeirbhís Phromhaidh den Roinn Dlí agus Cirt agus is seirbhís náisiúnta í, a bhfuil sainchúram uirthi cur le pobail níos sábháilte agus níos lú íospartach trí athshlánú ciontóirí.

Baintear sin amach trí mheasúnú agus bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chiontóirí, dúshlán a thabhairt d'iompar ciontaithe agus comhtháthú iar-chiontóirí a éascú.

Oibríonn an tSeirbhís Phromhaidh chun Éire atá níos sábháilte agus níos córa a bhaint amach trí na nithe seo a leanas:

- A chinntiú go bhfuil orduithe Cúirte forfheidhmithe;
- An baol dochar a dhéanamh don phobal a laghdú;
- An seans go dtarlóidh athchiontú a laghdú;
- An dochar atá déanta ag an gcoir a chur ina cheart arís (cúiteamh agus ceartas aisiríoch).

Cuireann an tSeirbhís Phromhaidh seirbhísí ar fáil chun cur le sábháilteacht an phobail, pobail a fheabhsú agus tacaíocht a thabhairt do chiontóirí chun athrú a dhéanamh. Is é an ról atá ag an tSeirbhís sa chomhthéacs seo ná:

- Oibriú le pobail agus le comharsanachtaí chun ciontóirí a bhainistiú chun iompar ciontach a laghdú;
- Dúshlán a thabhairt don iompar ciontach;
- Comhtháthú iar-chiontóirí sa tsochaí a éascú le nach ndéanfaidh siad cion arís;
- Bainistíocht a dhéanamh trí chomhpháirtíochtaí éifeachtacha le ciontóirí agus na daoine sin atá i mbaol dochar a dhéanamh.

Cuireann an tSeirbhís maoirseacht phromhaidh, seirbhís pobail, filleadh ar an bpobal, cláir iompair chiontaigh agus sainseirbhísí tacaíochta ar fáil do chiontóirí fásta agus óga.

Cuireann sí seirbhís Phromhaidh ar fáil chomh maith do phríosúin agus ionaid ghabhála chun ciontóirí a athshlánú agus athchomhtháthú príosúnach a éascú. Tá an tSeirbhís freagrach as maoirseacht a dhéanamh gach bliain ar 15,000 ciontóir sa phobal go náisiúnta

Tá tuilleadh eolais faoi obair na Seirbhíse Promhaidh le fáil ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Promhaidh http://www.probation.ie/en/PB/Pages/WP24000005

## An Ról

Oibreoidh an Speisialtóir Foghlama agus Forbartha mar chuid den Aonad Forbartha Eagraíochta agus Foghlama sa tSeirbhís Phromhaidh. Is ag **Margadh an Fhéir, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7, D07 WT27** a bheidh an post lonnaithe.

Mar chuid den treoir, oibreoidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis go dlúth le comhghleacaithe ó ar fud na heagraíochta chun tús áite a thabhairt do na deiseanna forbartha gairmiúla agus foghlama do gach grád foirne ar leibhéal aonair agus ar leibhéal foirne araon. Tríd an nuálaíocht, beidh deis ag an Speisialtóir Foghlama agus Forbartha cláir ríomhfhoghlama agus aisioncronacha a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil na daoine cearta, a bhfuil an inniúlacht, an cumas agus na scileanna cearta acu, ag an eagraíocht chun seirbhísí promhaidh éifeachtacha a chur ar fáil go muiníneach do na daoine sin atá atreoraithe go dtí na cúirteanna agus atá faoi réir príosúnachta / coinneála.

Léiríonn an cur chuige sin an straitéis eagraíochta chun ceannasaíocht, cuntasacht a fheabhsú agus chun forbairt a dhéanamh ar fhórsa saothair inbhuanaithe seasmhach atá mar bhonn agus mar thaca faoi luachanna, misean agus fís na Seirbhíse Promhaidh.

Mar chuid den Aonad Foghlama agus Forbartha i gcoitinne, tacóidh an Speisialtóir Foghlama agus Forbartha le cultúr foghlama leanúnaí don fhoireann trí chaidreamh a fhorbairt le soláthraithe clár agus oideachais agus tionchar a imirt ar ábhar na gcúrsaí ábhartha.

Beidh an Speisialtóir Foghlama agus Forbartha freagrach as réimse clár Foghlama agus Forbartha a fhorbairt chun tacú le dul chun cinn gairme, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a chur chun cinn a léiríonn dea-chleachtas sa ghairm cúraim agus atá i gcomhréir le reachtaíocht fostaíochta. Cuirfidh an sealbhóir poist comhairle ar fáil freisin agus forbróidh sé na nósanna imeachta agus polasaithe cuí Foghlama agus Forbartha chun tacú le timpeallacht foghlama.

Ní mór don sealbhóir poist a léiriú go bhfuil sé de chumas ann caidrimh ghairmiúla láidre a fhorbairt le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Áirítear an méid seo a leanas le dualgais agus freagrachtaí an Speisialtóra Foghlama agus Forbartha (Ardoifigeach Feidhmiúcháin) a cheaptar ar an bhfoireann (ach níl sé teoranta dóibh):

**Dualgais agus Freagrachtaí:**

- Tionscnaimh foghlama agus forbartha a fhorbairt, a phleanáil agus a chur ar fáil don tSeirbhís Phromhaidh agus do pháirtithe leasmhara ábhartha i gcomhréir le straitéis, forbairt eagraíochta agus riachtanais na bhfostaithe.

- Anailís ar Riachtanais Oiliúna a dhéanamh ar fud na heagraíochta chun riachtanais oiliúna a aithint agus pleananna forbartha a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí lena chinntiú go bhfreastalófar ar gach riachtanas reachtúil agus oiliúna atá de dhíth.
- Cur leis an bpróiseas creidiúnaithe agus formhuinithe do chláir oiliúna agus oideachais.
- Obair a dhéanamh i gcomhpháirt agus i gcomhar leis an lucht ardbhainistíochta agus le bainisteoirí líne lena chinntiú go ndéantar measúnuithe go rialta ar riachtanais oiliúna agus go bhfreastalaítear ar riachtanais oibríochta na heagraíochta.
- Obair a dhéanamh i gcomhar le páirtithe leasmhara lena chinntiú go mbeidh na cláir ag freastal ar riachtanais fhoriomlána na heagraíochta.
- Próisis agus tionscadail foghlama agus forbartha a bhainistiú de réir mar is cuí.
- Cur leis an bpróiseas pleanála straitéisí agus é a fhorbairt don fhoghlaim agus forbairt.
- Tacaíocht a thabhairt do phleananna forbartha gairmiúla leanúnaí d'fhoireann na Seirbhíse Promhaidh.
- Idirghabháil foghlama agus forbartha a athbhreithniú agus a mheasúnú chun caighdeán an ábhair agus an tsoláthair a chinntiú agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach.
- Ábhar foghlama agus oiliúna a dhearadh agus a chur ar fáil a mbeidh teacht ag foghlaimeoirí néaraitipiciúla agus néara-éagsúlachta araon air agus a bheidh ionadaíoch dóibh.
- Obair a dhéanamh le soláthraithe clár agus oideachais agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile maidir le foghlaim agus forbairt.
- Cláir 'Oiliúint san Oiliúint' a dhearadh agus a chur ar fáil de réir mar is cuí agus aiseolas a thabhairt do thraenálaithe a chuireann cláir faoi stiúir teagascóirí agus seisiúin maidir le hoiliúint san oiliúint ar an láthair ar fáil.
- Ábhar a chur ar fáil do thaighde ar fhoghlaim agus forbairt.
- Oiliúint a dhearadh agus a chur ar fáil de réir mar is cuí agus ábhair foghlama a chur ar fáil de réir mar is gá.
- Ceardlanna eolais agus foghlaim agus forbairt éifeachtach a dhearadh agus a chur ar fáil do Bhainisteoirí Líne.
- Tacaíocht a thabhairt d'fheabhas leanúnach na gclár foghlama agus forbartha trí choinneáil ar an eolas faoi na dea-chleachtais, treochtaí agus forbairtí nua sa réimse Foghlama agus oideachais do dhaoine fásta.
- Tuarascálacha rialta ar ghníomhaíocht agus ar eolas cáilíochtúil maidir le pleanáil seirbhísí, measúnú agus soláthar dearaidh agus ábhar eile a chur ar fáil de réir mar is gá. Próiseas soláthair a bhainistiú de réir mar is gá.
- Riarachán éifeachtach sa réimse freagrachta a chinntiú.
- Tabhairt faoi uasoiliúint phearsanta riachtanach chun foghlaim agus forbairt a fheabhsú.

**An Duine**

---

**<u>Riachtanais Bhunriachtanacha</u>**

**Ní mór a leanas a bheith ag iarrthóirí:**

- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal ar Leibhéal 7 (nó níos airde) in Acmhainní Daonna, Oiliúint agus Oideachas, Foghlaim agus Forbairt nó disciplín den chineál céanna.
- Taithí ábhartha dhá bhliain ar a laghad ar bheith ag obair i ról Foghlama agus Forbartha laistigh de thimpeallacht oibríochta.
- Taithí chruthaithe sa réimse oideachais/ oiliúna agus forbartha mar a bhaineann leis an ról seo. Ba cheart go n-áireofaí leis an taithí sin anailís ar oiliúint, cláir oiliúna a leagan amach agus a fhorbairt, oiliúint a chur ar fáil, measúnú etc.
- Eolas ar theoiric foghlama do dhaoine fásta agus taithí ar fhoghlaim a chur ar fáil ar bhonn aonair agus ar bhonn grúpa.
- Taithí chruthaithe ar thimpeallachtaí fíorúla foghlama foinse oscailte agus ar chórais bainistithe cúrsa a úsáid (baineann sé sin le haistriú chuig ríomhfhoghlaim – an úsáid is mó agus is féidir a bhaint as ardáin foghlama foinse oscailte)
- Taithí ar bheith ag obair leis an lucht ardbhainistíochta agus an cumas caidrimh oibre láidre a fhorbairt.

**Beifear ag súil go mbeadh iarrthóirí in ann a léiriú go bhfuil na hinniúlachtaí atá leagtha amach ar an taobh eile den leathanach acu.**

## An Státseirbhís & an tSeirbhís Phoiblí – Inniúlachtaí Barrthábhachtacha i leith Feidhmíocht Éifeachtach


Déantar cur síos i gcreat inniúlachtaí na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí ar na hinniúlachtaí barrthábhachtacha ba cheart a bheith ag státseirbhísigh agus ag seirbhísigh phoiblí le go n-éireoidh leo ina róil.

Tá go leor buntáistí i gceist le hinniúlachtaí atá ag teastáil ó gach grád a aithint:

- Cuirtear níos mó soiléireachta ar fáil faoin méid a bhfuiltear ag súil leis ag na gráid éagsúla.
- Is féidir le daoine aonair athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar a leibhéal inniúlachta féin in aghaidh na n-inniúlachtaí atá molta dá ngrád reatha. Ligfidh sé sin dóibh a gcuid láidreachtaí agus na réimsí atá le forbairt a aithint agus is féidir leo sin cur lena gcuspóirí feidhmíochta agus lena bhforbairt phearsanta sa chóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF).
- Is féidir le daoine aonair a bhforbairt a dhíriú ar na hinniúlachtaí is ábhartha don ról atá acu.

Tá na hinniúlachtaí ar leibhéal an Ardoifigigh Feidhmiúcháin liostaithe thíos:

# Creat Inniúlachta na Státseirbhíse



## Inniúlachtaí do Leibhéal an Ardoifigigh Feidhmiúcháin

### Táscairí Feidhmíochta Éifeachtaí

| | |
|---|---|
| Ceannaireacht Foirne | Oibríonn an duine leis an bhfoireann chun ardfheidhmíocht a bhaint amach, spriocanna soiléire agus réalaíocha a fhorbairt, ceisteanna faoi fheidhmíocht a réiteach má tharlaíonn siad |
| | Tugann an duine eolas agus comhairle shoiléir maidir leis na nithe a chaithfidh an fhoireann a dhéanamh |
| | Déanann an duine iarracht slite nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun oibriú go héifeachtach chun spriocanna a bhaint amach |
| | Tugann an duine treoir don fhoireann trína c(h)uid oibre féin, ag cabhrú le daoine más gá |
| | Tuigeann an duine an tábhacht a bhaineann le baill foirne a fhorbairt, a oiliúint agus an leas is fearr a bhaint as scileanna agus cumas na foirne. |
| | Tá an duine solúbtha agus toilteanach athrú agus cur go dearfach le hathruithe a chur i bhfeidhm |
| Breithiúnas, Anailís agus Cinntí a Dhéanamh | Bailíonn an duine agus déanann siad anailís ar eolas ó fhoinsí cuí cé acu ábhar airgeadais, uimhriúil nó eile agus déanann an duine na cúinsí tábhachtacha a mheas |
| | Cuireann an duine an cheist ina hiomláine agus impleachtaí bainteacha san áireamh nuair atá cinntí á ndéanamh acu |
| | Úsáideann an duine eolas agus taithí a fuair siad roimhe seo chun treoir a thabhairt maidir le cinntí a dhéanamh |
| | Déanann an duine cinntí stuama le bunús an-réasúnta agus seasann siad leo sin |
| | Cuireann an duine réitigh chun cinn le fadhbanna a réiteach |
| Torthaí a Bhainistiú agus a Sholáthar | Glacann an duine freagracht agus bíonn siad freagrach as spriocanna comhaontaithe a sholáthar |
| | Bainistíonn an duine réimse de thionscadail éagsúla agus de ghníomhaíochtaí oibre ag an am céanna |
| | Cuireann an duine struchtúr ar agus eagraíonn siad a gcuid oibre agus an obair a dhéanann daoine eile go héifeachtach |
| | Tá an duine loighciúil agus stuama maidir le cur chuige, baineann an duine na torthaí is fearr is féidir amach leis na hacmhainní atá ar fáil |
| | Tugann an duine obair amach go héifeachtach, tugann siad eolas agus fianaise shoiléir maidir leis na nithe atá ag teastáil |
| | Lorgaíonn an duine réimsí ina bhféadfaí feabhas a dhéanamh agus forbraíonn an duine moltaí praiticiúla chun iad a chur i bhfeidhm |
| | Léiríonn an duine díograis maidir le forbairtí nua/athruithe maidir le cleachtais oibre agus déanann siad tréaniarracht na hathruithe sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach. |
| | Cuireann an duine córais/próisis chuí i bhfeidhm chun gur féidir gach gníomhaíocht agus toradh a scrúdú go héasca maidir le caighdeáin |
| | Cleachtann an duine agus cuireann siad béim láidir ar sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha |
| Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide | Cothaíonn an duine teagmháil le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara eile chun cabhrú leis an ról a chomhlíonadh |
| | Feidhmíonn an duine mar nasc éifeachtach idir baill foirne agus an lucht ardbhainistíochta |
| | Spreagann an duine comhrá oscailte agus cuiditheach maidir le ceisteanna oibre |
| | Bíonn an duine dáiríre ina t(h)eacht i láthair agus éiríonn leo aontú a fháil trí eolas ábhartha agus na buntáistí a chur i láthair go snasta |
| | Pléann an duine le daoine eile go múinte agus le meas fiú amháin nuair a bhíonn cúinsí dúshlánacha i gceist |

| | |
|---|---|
| | Cuireann an duine eolas i láthair go soiléir, go cruinn agus le muinin le linn a bheith ag labhairt nó ag scríobh |
| | Comhoibríonn agus cabhraíonn siad le comhghleacaithe chun spriocanna eagraíochta a bhaint amach |
| Eolas Speisialtachta, Saineolas agus Féinfhorbairt | Tuigeann an duine go soiléir na róil, cuspóirí agus spriocanna atá acu féin agus spriocanna na foirne agus an chaoi a suíonn siad sin isteach san aonad agus sa Roinn/Eagraíocht agus cuireann an duine seo in iúl go héifeachtach do dhaoine eile |
| | Tá ardleibhéil de shaineolas agus eolas leathan acu ar an Earnáil Phoiblí atá ábhartha dá réimse oibre |
| | Díríonn an duine ar fhorbairt phearsanta chun feidhmíocht a fheabhsú |
| Díograis agus Tiomantas do Chaighdeáin na Seirbhíse Poiblí | Déanann an duine gach iarracht feidhmiú ag leibhéal ard agus déanann siad tréaniarracht cuspóirí aontaithe a bhaint amach |
| | Léiríonn an duine teacht aniar fiú nuair atá tosca dhúshlánacha agus éilimh mhóra i gceist<br>Tá an duine ionraic go pearsanta agus is féidir brath orthu<br>Cinntíonn an duine go bhfuil na custaiméirí i lár baill maidir le gach seirbhís a sholáthraítear |
| | Cleachtann an duine ardchaighdeáin mhacántachta, eitice agus ionracais |

## An Próiseas Iarratais

**<u>Iarratais</u>**

Cuir isteach CV reatha (2 leathanach ar a mhéad) agus litir chumhdaigh gan dul thar 1 leathanach amháin chuig psrecruit@probation.ie ina leagtar amach an taithí ábhartha atá agat don ról. Ba cheart an teideal Ardoifigeach Feidhmiúcháin - Foghlaim agus Forbairt – ainm an iarratasóra a chur ar an ríomhphost.

**<u>Spriocdháta d'Iarratais</u>**

Ní mór iarratais a chur isteach ar an ríomhphost **<u>tráth nach déanaí ná 5:00in, Dé hAoine, 16 Feabhra.</u>** Is faoi na hiarratasóirí atá sé a chinntiú go bhfuil a n-iarratas curtha isteach i gceart (CV agus litir chumhdaigh). Ní mór d'iarratasóirí ach <u>aon</u> iarratas amháin a chomhlánú agus a chur isteach. Is faoi na hiarratasóirí atá sé a chinntiú go bhfuil a n-iarratais curtha isteach i gceart.

<u>Ní mór CVanna agus litreacha cumhdaigh a chur isteach trí úsáid a bhaint as Microsoft Word amháin.</u> Ní ghlacfar le hiarratais a úsáideann ríomhchlár eile amhail '.pdf'.

Is é an taithí atá ag an Rannán Acmhainní Daonna ná go bhfágann roinnt iarratasóirí a n-iarratas a chur isteach go dtí an lá deireanach nó go deimhin cúpla nóiméad roimh spriocdháta an chomórtais. Is é an toradh a bhíonn air sin i gcónaí ná go bhfaightear roinnt iarratas déanach. Moltar go láidir d'iarratasóirí a n-iarratais a chur isteach a luaithe agus is féidir chun aon deacrachtaí maidir le hiarratas a dhéanamh in am a sheachaint. Ar mhaithe le cothrom na Féinne a thabhairt do gach iarratasóir, <u>ní bheidh glacadh le haon iarratas a bheidh mall ag teacht i gcúinsí ar bith.</u> Cuirtear an polasaí seo i bhfeidhm go docht.

## An Próiseas Roghnúcháin

Beidh agallamh san áireamh sa phróiseas roghnúcháin, agus díreofar ar an iomlán san agallamh ar gach iarrthóir a mheas ar bhonn a ngairme agus taithí go dtí seo maidir leis na riachtanais/inniúlachtaí inmhianaithe chun tabhairt faoin bpost go sásúil.

Fiú má shásaíonn iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais, sa chás go mbeadh líon na ndaoine a chuireann isteach ar an bpost chomh hard agus nach mbeadh sé praiticiúil gach iarrthóir a chur faoi agallamh, d'fhéadfadh an tSeirbhís Phromhaidh a shocrú glaoch ar líon iarratasóirí níos ísle ná sin chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Déanann an tSeirbhís Phromhaidh soláthar ina leith sin do phróiseas gearrliosta a úsáid d'fhonn grúpa daoine a roghnú ar cosúil, bunaithe ar scrúdú a dhéanamh ar na foirmeacha iarratais, gurb iad is oiriúnaí don phost. Ní hé sin le rá gur gá nach mbeadh iarrthóirí eile oiriúnach nó nach mbeadh ar a gcumas tabhairt faoin gcúram, is é atá i gceist go bhfuil iarrthóirí áirithe ann ar cosúil, bunaithe ar a n-iarratas, go bhfuil siad níos fearr cáilithe agus/nó gur mó an taithí atá acu.

Déanfaidh sainbhord scrúdú ar na foirmeacha iarratais in aghaidh na gcritéar aontaithe gearrliostaithe bunaithe ar na riachtanais don phost. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh critéir bhunriachtanacha agus inmhianaithe araon atá luaite leis an bpost san áireamh sna critéir ghearrliostaithe. Dá bhrí sin, is é do leas é mionchuntas cruinn a thabhairt san fhoirm iarratais ar na cáilíochtaí/an taithí atá agat.

Táthar ag súil go reáchtálfar agallaimh iomaíocha a luaithe agus is féidir tar éis an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Is faoi na hiarrthóirí féin atá sé a chinntiú go mbeidh siad ar fáil don agallamh ag an am sceidealaithe. Táthar ag súil go mbeidh painéal an Ardoifigigh Feidhmiúcháin (Foghlaim agus Forbairt) i bhfeidhm ag tráth níos déanaí i mbliana. Cé go mbeidh an t-agallamh dírithe ar na scileanna agus inniúlachtaí atá leagtha amach thíos, ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt ar aird gur agallamh de chineál leathstruchtúrtha a bheidh ann.

Déanfar faisnéis ó do CV agus litir chumhdaigh a mheas le linn na n-agallamh. Bainfidh an bord agallaimh úsáid as na hinniúlachtaí a leagtar amach thíos chun iarrthóirí a mheas agus painéal iarrthóirí a chur le chéile.

Scéim marcála Foghlama & Forbartha:

| Tréithe/Réimsí Taithí | Marc Uasta ar Fáil | Marc Íosta de Dhíth** |
|---|---|---|
| Eolas Speisialtóra, Saineolas agus Féinfhorbairt | 150 | 75 |
| Breithiúnas, Anailís agus Cinnteoireacht | 100 | 50 |
| Bainistiú & Seachadadh Torthaí | 100 | 50 |

| | | |
|---|---|---|
| Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide | 100 | 50 |
| Ceannaireacht Foirne | 100 | 50 |
| Treallús agus Dílseacht do Luachanna na Seirbhíse Poiblí | 100 | 50 |
| Iomlán | 650 | 390* |

* *Is gá d'iarratasóir marc íosta 75 as an 150 marc iomlán atá ar fáil faoi Eolas Speisialtóra, Saineolas agus Féinfhorbairt agus Marc Íosta 50 as an 100 mar iomlán atá ar fáil faoi gach ceannteideal critéar atá fanta a bhaint amach le go n-éireoidh leo san agallamh. Ba cheart a thabhairt ar aird, áfach, le bheith san áireamh d'áit ar an bpainéal, nach mór scór 390 marc ar a laghad, ó na 650 marc iomlán atá ar fáil, a bhaint amach; chomh maith leis sin má bhaintear an marc sin amach, ní deimhniú é sin go gcuirfear iarrthóir ar an bpainéal.

## Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Tá ról lárnach ag an Roinn Dlí agus Cirt maidir le hiarrthóirí a mhealladh ó gach earnáil den tsochaí, lena chinntiú go bhfuil teacht ag gach duine, a bhfuil suim acu ann, ar bhealaí chuig deiseanna gairme. Táimid tugtha do chomhionannas deiseanna do gach iarrthóir.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socruithe réasúnta ag teastáil uait le linn an phróisis roghnúcháin, molaimid go mór duit é sin a roinnt linn le go mbeimid in ann a chinntiú go bhfaighidh tú an tacaíocht atá uait. Is éard atá i gceist le socrú réasúnta sa phróiseas roghnúcháin ná oiriúnuithe agus athruithe praiticiúla a chuirfeadh ar chumas iarrthóir faoi mhíchumas comhdheis a bheith acu sa chomórtas seo.

Ná bíodh aon amhras ort, má tá tú faoi mhíchumas nó má tá oiriúnaithe ag teastáil uait, ní bheidh tionchar aige sin ar do dhul chun cinn sa phróiseas roghnúcháin; ní bheidh tú faoi mhíbhuntáiste má nochtann tú dúinn go bhfuil nó faoi mhíchumas nó go bhfuil riachtanas agat. Coinneofar do mhíchumas agus/nó oiriúnuithe go hiomlán faoi rún. Má éiríonn leat, agus má tá míchumas de chineál ar bith ort, ní luafar é sin leis an roinn fostaíochta don chéim seo den phróiseas mura n-iarrann tú orainn sin a dhéanamh.

Má tá socruithe réasúnta uait, déan teagmháil le psrecruit@probation.ie

## Incháilitheacht chun Páirt a ghlacadh sa Chomórtas agus Srianta Áirithe ar Incháilitheacht

**Riachtanais Saoránachta**
Ní mór d'Iarrthóirí Incháilithe:
(a) a bheith ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is éard atá in LEE ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

(b) a bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó
(c) a bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhua an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
(d) a bheith ina saoránach neamh-LEE a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici[1]; nó
(e) a bheith ina duine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta bronnta air faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall den teaghlach atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
(f) saoránach neamh-LEE atá ina thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá ina shaoránach, agus atá ina chónaí, i mballstát LEE, sa Ríocht Aontaithe nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici.

**Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoin dáta a ndéantar aon phost a thairiscint.**

## Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex gratia le Seirbhísigh Phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra. Tá de choinníoll faoin gComhaontú Comhchoiteann nach mbeidh an té a thapaíonn socrú faoin gcomhaontú sin incháilithe maidir le hathfhostú sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (faoi mar a thugtar sainmhíniú ina leith sin sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) go ceann tréimhse dhá bhliain ó dhéantar an fhostaíocht a fhoirceannadh. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an Scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

**An Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS):**
Is coinníoll é de chuid na Scéime Dreasachta Luathscoir mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais nach bhfuil daoine atá ar scor, faoin Scéim sin, incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá réir sin, ní féidir le daoine a chuaigh ar scor ar an gcaoi sin cur isteach ar an bpost seo.

**Ciorclán (7/2010) ón Roinn Sláinte agus Leanaí:**
Tugadh isteach an Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (SSLD) agus na Scéimeanna um Iomarcaíocht Dheonach (SID) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Tá de choinníoll faoin Scéim SSLD nach mbeidh duine a bhaineann leas as an scéim incháilithe maidir le hathfhostú in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí go ginearálta ná in aon chomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó ar an mórgóir as cistí poiblí. Tá cosc den chineál céanna ar athfhostú i gceist leis an scéim SID, ach leanann an toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana sa chás sin. Ní bheidh daoine a bhain leas as an scéim SSLD incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Beidh ar aon duine a bhain leas as an scéim SID agus a n-éiríonn leis/léi sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (go bhfuil deireadh leis an tréimhse neamhcháilitheachta).

## An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Litir Ciorcláin LG(P) 06/2013)

[1] *Tabhair faoi deara go bhfuil víosa 50 TEU, atá ann in ionad Stampa 4EUFAM tar éis an Bhreatimeachta, inghlactha in áit Stampa 4.*

Tugadh isteach Scéim um Iomarcaíocht Dheonach le haghaidh Údaráis Áitiúla le Litir Ciorcláin LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. I gcomhréir le téarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá leagtha amach thuas, is coinníoll ar leith de chuid na Scéime SSLD é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú in aon eagraíocht de chuid na seirbhíse poiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 go 2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] go ceann tréimhse 2 bhliain óna ndáta scoir faoin Scéim sin. Beidh na coinníollacha seo i bhfeidhm i gcás gur ar bhonn conartha i gcomhair seirbhíse (bíodh sé sin mar chonraitheoir nó mar fhostaí chonraitheora) atá an fostú/an fhostaíocht.

**Dearbhú**

Éileofar ar iarratasóirí a dhearbhú cibé ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí cheana féin. Éileofar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú i gcás go bhfuair siad íocaíocht ionaid maidir le seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

**Rogha Fostóra**

Mar **Rogha Fostóra**, tá a lán polasaithe solúbtha atá báúil don teaghlach ag an Státseirbhís e.g. Postroinnt, Bliain Oibre Níos Giorra, Cianobair (a dhéantar ar bhonn 'cumaisc') etc. Is féidir iarratas a dhéanamh ar gach polasaí roghnach i gcomhréir leis na forálacha reachtúla ábhartha agus tá siad faoi réir riachtanais ghnó na heagraíochta.

Tá scéim Soghluaisteachta ar bun ag an Státseirbhís freisin do gach grád seirbhíse ginearálta. Leis an scéim sin cuirtear deiseanna gairme ar fáil don fhoireann le go mbeidh siad in ann foghlaim i róil éagsúla agus páirt a ghlacadh iontu ar fud réimse eagraíochtaí agus áiteanna tíreolaíochta sa Státseirbhís.

## Na Príomhchoinníollacha Seirbhíse

**Ginearálta**

Is ceapachán chuig post buan sa Státseirbhís é an ceapachán agus tagann sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm de thuras na huaire agus a bhaineann leis an Státseirbhís.

**Tuarastal**

**Is mar seo a leanas atá Gnáthscála Tuarastail an Ardoifigigh Feidhmiúcháin don phost: (rátaí i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2023):**

**Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (RPP):**

€54,764 €56,365 €57,963 €59,560 €61,163 €62,758 €64,358 €66,667[1] €68,970[2]

Bíonn ráta pá an RPP i bhfeidhm nuair a éilítear ar an duine aonair Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht phríomhscéime freisin) de réir rialacha na príomhscéime aoisliúntais/na scéime aoisliúntais pearsanta atá aige/aici. Tá sé seo difriúil le ranníocaíocht maidir le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (RAB).

Beidh ráta difriúil i bhfeidhm sa chás nach gceanglaítear ar an té a cheaptar Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha i ndiaidh 3 (LSI1) agus 6 (LSI2) bliana de sheirbhís shásúil a chur i gcrích ag leibhéal uasta an scála.

**Nóta Tábhachtach:**

Is ag leibhéal íosta an scála a thosóidh an té a cheapfar agus ní bheidh an ráta luacha saothair faoi réir idirbheartaíochta. D'fhéadfaí é a athrú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.
D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha ar leith a bheith i gceist i gcás duine atá ag fónamh ina státseirbhíseach nó ina s(h)eirbhíseach poiblí faoi láthair.
D'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais faoi réir feidhmíocht shásúil.
Aontóidh tú go ndéanfaidh tú aon ró-íocaíocht ar thuarastal, liúntais nó costais a aisíoc de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochta Tuarastail, Liúntas agus Caiteachais a rinneadh le Baill Foirne/Iar-Bhaill Foirne/Pinsinéirí.

**Sealbhaíocht an Phoist agus Promhadh**

Is ceapachán i bpost buan sa Státseirbhís ar chonradh promhaidh a dhéanfar.

Is go ceann tréimhse bliana ón dáta arna shonrú ar an gconradh a mhairfidh an conradh promhaidh. Gan dochar dá bhfuil san alt seo agus san alt thíos a leanann díreach ina dhiaidh, ní chiallaíonn sin nach féidir síneadh a chur leis an gconradh promhaidh nuair a oireann mar gheall ar chúinsí áirithe.

I rith thréimhse an chonartha promhaidh, beidh do chuid feidhmíochta faoi réir athbhreithniú ag maoirseoir(í) de do chuid d'fhonn a dheimhniú:

(i) An raibh d'fheidhmíocht sásúil,

(ii) An raibh d'iompar ginearálta sásúil, agus

(iii) An bhfuil tú oiriúnach ó thaobh sláinte de, ag féachaint go háirithe do shaoire bhreoiteachta.

Sula dtagann deireadh leis an gconradh promhaidh déanfar cinneadh an gcoinneofar tú de bhun *Alt 5A(2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 – 2005*. Bunófar an cinneadh sin ar dhéanamh do chuid oibre arna mheasúnú de réir chritéir (i) go (iii) thuas. Déanfaidh an tSeirbhís Phromhaidh mionsonraí an phróisis promhaidh a mhíniú duit agus tabharfar cóip de threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le promhadh duit.

Gan dochar dá bhfuil sna hailt roimhe seo, is féidir le ceachtar den dá pháirtí, i gcomhréir leis na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005, an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dheireadh a theacht le téarma an chonartha.

In imthosca áirithe, féadfar an conradh a shíneadh agus an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí. Ní mór aontú an dá pháirtí leis an síneadh sin.

- Beidh an tréimhse phromhaidh ar fionraí le linn d'fhostaí a bheith as láthair de bharr Saoire Mháithreachais nó Saoire Uchtála
- Sa chás go bhfuil fostaí as láthair ar Shaoire do Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóirí, féadfaidh an fostóir a cheangal go bhfionrófar an tréimhse phromhaidh más rud é go meastar nach bhfuil an asláithreacht ar comhréir le leanúint den phromhadh
- Is féidir tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí i gcásanna éagsúla, mar shampla sa chás go mbítear as láthair mar gheall ar bhreoiteacht nach breoiteacht a tharlaíonn arís agus arís eile.

I gcásanna den sórt sin, is féidir leis an bhfostaí a iarraidh ar an bhfostóir síneadh a chur le téarma an chonartha.

Beidh tréimhse phromhaidh aon bhliain amháin le cur isteach ag gach duine a cheaptar. Sa chás nach sásaíonn duine a cheaptar na coinníollacha uile a ghabhann leis an tréimhse phromhaidh agus gur duine an té sin a bhí ag fónamh ina státseirbhíseach díreach sular tharla a c(h)eapadh ón gcomórtas seo, is gnách ina leithéid sin de chás go dtiocfadh filleadh ar ais i gceist. Fillfidh an t-oifigeach i gcás den sórt sin ar fholúntas sa ghrád a bhíodh roimhe sin acu sa Roinn ina mbíodh sé/sí.

**Ceanncheathrú**

Cibé áit a ainmneoidh Ceannasaí na Roinne/na hEagraíochta ó am go ham a bheidh an cheanncheathrú. Nuair is gá taisteal a dhéanamh ar dhualgas oifigiúil, íocfar costais taistil agus liúntais chothabhála leis an gceapaí mar is cuí, faoi réir ag gnáthrialacháin na Státseirbhíse.

**Uaireanta Freastail**

Déanfar na huaireanta freastail a shocrú ó am go chéile ach ní giorra ná ollfhad 41 uair an chloig agus 15 nóiméad in aghaidh na seachtaine a bheidh i gceist. Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis uaireanta breise a oibriú ó am go ham de réir mar is réasúnach agus mar is gá chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i gceart, gan na teorainneacha atá leagtha amach sna rialacháin um am oibre a shárú. Clúdaítear sa ráta luacha saothair iníoctha aon dliteanas breise tinrimh a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham.

Ba cheart d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go mbeidh riachtanais maidir le hobair a dhéanamh ar an láthair ag a n-áit oibre ag teacht le Polasaí Oibre Cumaisc na Seirbhíse Promhaidh. Ní mór don fhoireann freastal ar a n-áit oibre trí lá sa tseachtain ar a laghad, rud atá le haontú lena mbainisteoir líne. D'fhéadfadh tinreamh breise ar an láthair a bheith de dhíth freisin ag brath ar an riachtanas gnó.

**Oiliúint**

Tá an tSeirbhís Phromhaidh tiomanta d'oiliúint leanúnach agus deiseanna forbartha a chur ar fáil dá foireann ar fad. Tá rannóg forbartha agus oiliúna tiomanta don fhoireann laistigh den tSeirbhís Phromhaidh a chuireann oiliúint ionduchtúcháin ar fáil don fhoireann nua ar fad. Cuireann sí oiliúint maidir le heolas agus scileanna leanúnacha ar fáil i réimsí ar leith a bhaineann le príomhobair na Seirbhíse Promhaidh.

**Saoire Bhliantúil**

Saoire bhliantúil 29 lá ag ardú go dtí 30 lá in aghaidh na bliana tar éis 5 bliana seirbhíse a ghabhann leis an bpost Foghlama agus Forbartha. Tá an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a thabhairt sa Státseirbhís agus tá sé bunaithe ar sheachtain cúig lá. Níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh ann.

**Saoire Bhreoiteachta**

Pá le linn easnaimh tinnis deimhnithe mar is cuí, mura bhfuil fianaise ar mhíchumas buan don tseirbhís, a bheidh i bhfeidhm ar bhonn pro-rata, i gcomhréir le forálacha na gciorclán saoire tinnis.

Beidh ceangailte ar an oifigeach ag a mbíonn ÁSPC ar ráta Aicme A á íoc sainordú a shíniú lena dtugtar d'údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochar a bhíonn dlite dó/di faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an Roinn/Eagraíocht ina bhfuil sé/sí fostaithe. Braithfidh íocaíocht le linn na breoiteachta ar na héilimh chuí a bheith á ndéanamh ag an té a cheapfar le haghaidh sochar árachais shóisialta don Roinn Coimirce Sóisialaí go díreach laistigh den teorainn riachtanach.

**Aoisliúntas agus Scor**

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí a bheidh i réim sa Státseirbhís a chur in iúl tráth a mbeidh an post á thairiscint don iarrthóir a n-éireoidh leis/léi. Go ginearálta, tairgfear ceapachán bunaithe ar bhallraíocht i Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") a thairiscint do dhuine nár oibrigh riamh roimhe sin sa tSeirbhís Phoiblí. Tá sonraí go léir na Scéime le fáil ar [www.singlepensionscheme.gov.ie](http://www.singlepensionscheme.gov.ie)

Sa chás go raibh an té a cheapfar ag obair i gcáil inphinsin (téarmaí na Scéime neamhaonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtaine roimh an gceapachán, nó go bhfuil sé/sí ar shos gairme nó saoire speisialta le pá/gan phá faoi láthair, d'fhéadfadh téarmaí eile a bheith i bhfeidhm. Déanfar teideal pinsin maidir le daoine ceaptha den sórt sin a bhunú i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Seo a leanas na príomhfhorálacha a ghabhann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha leis an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, is é sin 66 bliain d'aois i láthair na huaire.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na Scéime dul ar scor nuair a bheidh 70 bliain d'aois slánaithe acu.
- Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn pinsean agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a uasrátáil gach bliain trí thagairt don Phraghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI)).
- Bíonn ardú ar an bpinsean tar éis dul ar scor ceangailte leis an CPI

**<u>Laghdú Pinsin</u>**

- Sa chás go raibh an té a cheaptar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Poiblí, nó sa chás go gcuirtear tús le híocaíocht pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí leis/léi i rith a t(h)réimhse athfhostaíochta, beidh an pinsean sin **<u>faoi réir lacáiste</u>** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **<u>Tabhair ar aird: Trí iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, glacann tú leis go dtuigeann tú go mbeidh na forálacha lacáiste i bhfeidhm, nuair is ábhartha. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaíochta le hiarratas ar tharscaoileadh lacáiste maidir le ceapacháin sa phost seo.</u>**

- Mar sin féin, sa chás go raibh an té a cheaptar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus pinsean bronnta air nó uirthi faoi shocruithe do luathscor deonach (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS) nó Ciorclán 7/2010 SSLD/SID ón Roinn Sláinte, nó Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a fhágfaidh nach mbeidh duine incháilithe don chomórtas), beidh deireadh leis an teidlíocht ar an bpinsean sin ó dháta an athcheapacháin. Is féidir in ainneoin sin socrú speisialta a dhéanamh, maidir leis an tseirbhís a rinne an té a cheaptar roimhe seo a áireamh i ndáil le haon íocaíocht aoisliúntais a mbeidh an té a cheaptar ina theideal san am atá le theacht.

**Ciorclán 102/2007 na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**
Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll de chuid na Scéime Luathscoir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach in ailt 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht ciorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den Scéim seo agus má fhostaítear é/í in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin Scéim. Cuirfear tús arís le híocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe sin san áireamh nuair a bheidh an íocaíocht pinsin á ríomh).

**Scor mar gheall ar Easláinte**
Tabhair do d'aire gurb amhlaidh, i gcás duine ar bith a scoir roimhe seo de dheasca easláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais, go bhfuil ceanglas air/uirthi a dhearbhú don eagraíocht a bhfuil an comórtas earcaíochta á reáchtáil acu, sa chéim iarratais thosaigh, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil aige/aici.

Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis go ndéanfar measúnú ar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a thabhairt, agus aird á tabhairt ar an gcoinníoll a d'fhág go raibh siad incháilithe scor de dheasca easláinte.

**Ceapachán i ndiaidh scor ón tSeirbhís Phoiblí de dheasca easláinte**

Sa chás go n-éireoidh le hiarratas an iarratasóra sa chomórtas, ba chóir dó a bheith ar an eolas faoin méid seo a leanas:

1. Sa chás go measfar an t-iarratasóir a bheith folláin chun seirbhís rialta agus éifeachtach a thabhairt agus go sannfar do phost é, beidh deireadh lena phinsean de dheasca easláinte ón státseirbhís.

2. Sa chás go dteipfidh ar an iarratasóir an tréimhse phromhaidh a thabhairt chun críche nó sa chás go gcinnfidh sé/sí éirí as an bpost a sannadh dó, ní féidir filleadh ar stádas Scoir de dheasca Easláinte sa Státseirbhís, arbh ann dó sula ndearnadh an t-iarratas, ná ní bheidh teideal ina leith.

3. Déanfar ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair den iarratasóir ar a c(h)eapadh sa chás go raibh briseadh níos mó ná 26 seachtain ina s(h)eirbhís inphinsin sa státseirbhís/sa tseirbhís phoiblí.

**Ceapachán i ndiaidh scor ón tseirbhís phoiblí de dheasca easláinte:**

1. Sa chás gur scoir duine ó chomhlacht sa tseirbhís phoiblí féadfaidh go mbeidh a p(h)insean easláinte ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithnithe ag teacht leis na rialacha maidir le scor de dheasca easláinte faoin scéim sin.

2. Sa chás go n-éiríonn le hiarratasóir, beidh ar an iarratasóir, ar a c(h)eapadh, a dhearbhú cibé an bhfuil pinsean (easláinte nó eile) á fháil acu ón tseirbhís phoiblí agus féadfaidh go mbeidh a bpinsean ón tseirbhís phoiblí faoi réir lacáiste.

3. Déanfar ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair den iarratasóir ar a c(h)eapadh sa chás go raibh briseadh níos mó ná 26 seachtain ina s(h)eirbhís inphinsin sa státseirbhís/sa tseirbhís phoiblí.

Tabhair do d'aire go bhfuil fáil ar fhaisnéis níos mionsonraithe faoi na himpleachtaí dá bpinsean do dhaoine a bhfuil pinsean de dheasca easláinte á fháil acu ón státseirbhís nó ón tseirbhís phoiblí ag an nasc seo

**Fabhrú Pinsin**
Beidh teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh maidir le pinsean sa chás go raibh ballraíocht ag duine i líon is mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí i bhfeidhm roimh ré (i.e. scéim pinsin seachas an Scéim Aonair) i gcomhréir le hAcht na bliana 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain seo faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí, (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. D'fhéadfadh go dtiocfadh sin i bhfeidhm i ndáil le duine a cheaptar ag a bhfuil cearta pinsin cheana féin mar gheall ar fhostaíocht roimhe seo sa tseirbhís phoiblí.

**Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais**
Tagann an Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais (RBA) i gceist leis an gceapachán seo i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. **Tabhair ar aird:** Tá aisbhaintí RBA sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) atá de dhíth faoi rialacha do scéime pinsin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil i ndáil leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, féach ar an láithreán gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995**

Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, de réir mar is cuí, maidir leis an bhfostaíocht seo.

**Fostaíocht Sheachtrach**

Is post lánaimseartha an post agus ní féidir leis an té a cheaptar dul i mbun cleachtadh príobháideach ná ceangal a bheith aige le haon ghnó seachtrach, a thagann salach ar aon bhealach ar a chuid/a cuid dualgas oifigiúil féin, a chuireann isteach ar a chuid/a cuid feidhmíochta ná a chuid/a cuid macántachta.

**Rúndacht, Príobháideachas agus Caighdeáin Iompair: Rúin Oifigiúla agus Ionracas**

Le linn théarma an chonartha promhaidh, beidh oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Aontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe údaraithe, cibé acu le linn na tréimhse fostaíochta nó dá éis.

Beidh an t-oifigeach faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse. Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, de réir mar is cuí, maidir leis an bhfostaíocht seo.

**Gníomhaíocht Pholaitíochta:**

Le linn an téarma fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha lena rialaítear státseirbhísigh agus an pholaitíocht.

**FÓGRA TÁBHACHTACH**

**Is ionann an méid thuas agus na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe a bheith ina liosta cuimsitheach de théarmaí agus coinníollacha uile na fostaíochta a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir a n-éireoidh leis.**

## Nósanna Imeachta Athbhreithnithe

Tá an próiseas roghnúcháin don chomórtas seo á reáchtáil i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach sna Cóid Chleachtais le haghaidh Ceapacháin chun Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí. Is féidir teacht ar na Cóid Chleachtais sin trí shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ag www.cpsa.ie.

Tá faisnéis maidir le nósanna imeachta athbhreithnithe leagtha amach in Alt 7 agus Alt 8 den Chód Cleachtais thuas. (Tá an dá nós imeachta sin comheisiatach ar a chéile. Sa chás go bhfuil athbhreithniú foirmiúil tugtha i gcrích faoi Alt 7 den Chód, ní féidir leat athbhreithniú eile a lorg ar an bpróiseas céanna faoi Alt 8, seachas sna himthosca is eisceachtúla, is é an Coimisiún a shocróidh sin dá lánrogha iomlán féin.)

- **Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil:** Nuair is féidir, agus le comhaontú ón iarrthóir amháin, déanfar gach iarracht aon deacracht/gearán a réiteach trí bhíthin próiseas neamhfhoirmiúil.
- Baineann nósanna imeachta athbhreithnithe **Alt 7** le cásanna ina bhfuil iarrthóir míshásta le beart nó cinneadh maidir lena iarrthóireacht/ lena hiarrthóireacht (ach nach gcreideann sé/sí gur sáraíodh an Cód Cleachtais).
- Baineann nósanna imeachta athbhreithnithe **Alt 8** le cásanna ina gcreideann iarrthóir gur sárú í gné den phróiseas ar Chód Cleachtais an CCSP.

**Iarrataí ar Athbhreithniú**

Sa chás go n-iarrann iarrthóir athbhreithniú, ba cheart dóibh cinneadh a dhéanamh cén nós imeachta atá oiriúnach dá gcúinsí, i.e. Neamhfhoirmiúil nó Foirmiúil, Alt 7 *nó* Alt 8. Ní mór don iarrthóir a iarraidh a chur isteach laistigh de na hamlínte atá sonraithe sa Chód Cleachtais. Tá na hamlínte sin teoranta d'fhonn a chinntiú go ndéanfar gníomh ceartaitheach, más gá, gan moill a chur ar an bpróiseas d'iarrthóirí eile. Ní mór d'iarrthóirí na forais atá le hathbhreithniú a leagan amach go soiléir agus an tAlt ábhartha den Chód a lua go sonrach. *D'fhéadfaí iarraidh ar athbhreithniú a dhiúltú mura féidir leis an iarrthóir tacú lena iarraidh.*

Tá tú i dteideal admháil a fháil, laistigh de 3 lá, go bhfuarthas d'iarraidh ar athbhreithniú foirmiúil agus ní mór toradh an athbhreithnithe a thabhairt duit laistigh de 25 lá ó fuarthas an iarraidh. Mura bhfuil sé indéanta an t-athbhreithniú a chur i gcrích laistigh den am, cuirfear ar an eolas thú faoi stádas an athbhreithnithe agus na cúiseanna atá leis an moill.

Is mar seo a leanas na hamlínte le haghaidh iarrataí ar athbhreithniú

| **Athbhreithniú ALT 7** | **Athbhreithniú ALT 8** |
|---|---|
| **<u>Céim eatramhach an chomórtais</u>**<br>- *Iarraidh ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil* – 2 lá oibre tar éis an cinneadh a fháil<br>- *Iarraidh ar Athbhreithniú Foirmiúil* – 4 lá oibre tar éis an cinneadh a fháil<br>**<u>Céim dheiridh an chomórtais</u>**<br>- *Iarraidh ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil* – 5 lá oibre tar éis an cinneadh a fháil<br>- *Iarraidh ar Athbhreithniú Foirmiúil* – 10 lá oibre tar éis an cinneadh a fháil <u>nó</u> 2 lá oibre tar éis fógra faoin athbhreithniú neamhfhoirmiúil a fháil | **Céimeanna Eatramhacha agus Deiridh an chomórtais**<br>- *Iarraidh ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil* – 5 lá oibre tar éis an cinneadh a fháil<br>- Iarraidh ar *Athbhreithniú Foirmiúil* - 2 lá oibre tar éis fógra a fháil faoin gcinneadh a eascraíonn as an athbhreithniú neamhfhoirmiúil nó gan mhoill nuair nach mbaineann an t-iarrthóir leas as Athbhreithniú neamhfhoirmiúil<br>- *CCSP* – 10 lá oibre tar éis an cinneadh a eascraíonn as athbhreithniú an tsealbhóra oifige a fháil |

## Canbhasáil

Ba cheart go dtabharfadh iarratasóirí dá n-aire go ndícháileofar an t-iarratasóir agus go n-eiseofar iad ón bpróiseas roghnúcháin trí chanbhasáil a dhéanamh ag iarratasóir nó thar a cheann.

## Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, caithfear le hiarratais go huile agus go hiomlán faoi rún.

## Seiceáil Slándála

Beidh ort foirm ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur ar ais má bhreithnítear tú le haghaidh ceapacháin. Déanfar foirmeacha den sórt sin a sheoladh ar aghaidh chuig an nGarda Síochána chun seiceáil slándála a dhéanamh ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éirinn ag ar chónaigh tú. Mar sin féin sa chás nach n-éireodh le d'iarratas don chomórtas, scriosfaidh an tSeirbhís Phromhaidh an fhoirm seo.

Má bhí cónaí ort / má rinne tú staidéar i dtír taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse 6 mhí nó níos faide, tá sé **éigeantach** go gcuirfidh tú **Teastas Imréitigh Póilíní** ar fáil ó na tíortha sin lena luaitear nach bhfuil aon chiontú taifeadta i d'aghaidh fad agus a bhí tú i do chónaí ansin. Beidh ort **Teastas Imréitigh Póilíní ar leith a chur ar fáil do gach tír a raibh cónaí ort iontu.** Ní mór an t-imréiteach a bheith dátaithe i ndiaidh an dáta a d'fhág tú an tír.

**Tá sé de fhreagracht ORTSA imréitigh shlándála a lorg in am trátha toisc gur féidir roinnt ama a bheith i gceist leo. Ní féidir tú a cheapadh gan an fhaisnéis sin a bheith curtha ar fáil agus a bheith in ord.**

## Faisnéis thábhachtach eile

Ní bheidh an tSeirbhís Phromhaidh freagrach as aon chostas a thabhaigh na hiarrthóirí a aisíoc.

Ní hionann duine a cheadú i bhfeachtas, nó cuireadh a thabhairt do dhuine freastal ar agallamh agus a thabhairt le fios go bhfuil an tSeirbhís Phromhaidh sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an chomórtais nó nach mbeadh an duine sin dícháilithe ar fhoras dlí a bheith sa phost agus ní hionann sin agus barántas go ndéanfar iarratas an duine sin a bhreithniú tuilleadh. Is den tábhacht duitse, dá réir sin, a thabhairt do d'aire gur ort féin atá de chúram a chinntiú go sásaítear coinníollacha incháilitheachta an chomórtais sula dtagann tú i láthair ag agallamh.

Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála ach go bhfreastalaíonn tú ar agallamh mar sin féin, beidh tú ag cur costas nach bhfuil gá leis ort féin.

Sa chás go ndiúltaíonn an duine a mholtar maidir lena cheapadh sa phost, nó sa chás go mbeadh an post glactha aige, scartha leis nó go dtiocfadh folúntas eile chun cinn, is féidir leis an mBord, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Féadfar painéal a bhunú agus as sin féadfar folúntais amach anseo a líonadh ón bhfeachtas sin.

**Nuair a ghlacfaidh iarrthóir le tairiscint cheapacháin, déanfar ainm an iarrthóra a bhaint den phainéal agus ní dhéanfar aon tairiscint cheapacháin eile.**

**Sa chás go dtagann folúntais den chineál céanna chun cinn in áiteanna eile sa Státseirbhís, féadfar iarrthóirí a tharraingt ón gcomórtas seo.**

## Iarrataí ar Aiseolas

Cuirfear aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnúcháin ar fáil d'iarrthóirí ach é a iarraidh. Ní leagtar síos aon am ar leith chun aiseolas a chur ar fáil.

Tabhair faoi deara gur próiseas ar leith é an Próiseas Athbhreithnithe mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais ina bhfuil amanna sonraithe nach mór a chomhlíonadh. Ní gá aiseolas a fháil chun athbhreithniú a agairt. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur i dtoll a chéile sula n-iarrtar an córas athbhreithnithe. Ní féidir an tréimhse ama a leagtar amach i gCód CCSP a shíneadh ar chúis ar bith lena n-áirítear aiseolas a chur ar fáil.

## Oibleagáidí Iarrthóirí

Ní ceart d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach nó go meargánta
- canbhasáil a dhéanamh ar aon duine, le dreasacht nó gan aon dreasacht
- pearsanú a dhéanamh ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas
- cur isteach ar an bpróiseas nó dochar a dhéanamh don phróiseas ar bhealach ar bith

Tá sé tábhachtach cuimhneamh gur próiseas iomaíoch é seo do ról ina bhfuil ionracas tábhachtach. Má roinneann tú faisnéis faoin bpróiseas roghnúcháin e.g. tríd na meáin shóisialta nó trí bhealach eile, d'fhéadfaí, mar thoradh air sin, go ndícháileofaí as an gcomórtas tú.

Tabhair ar aird go bhfuil gach ábhar measúnaithe agus tástála faoi réir cóipchirt agus go bhfuil gach ceart forchoimeádta. Ní féidir aon chuid den ábhar tástála (lena n-áirítear míreanna faisnéise, ceisteanna nó roghanna freagra), ábhar gaolmhar nó agallamh(agallaimh) a athchruthú nó a chur ar aghaidh i bhfoirm ar bith nó trí bhealach ar bith lena n-áirítear go leictreonach, go meicniúil, fótachóipeáil a dhéanamh, grianghraf a ghlacadh, taifeadadh a dhéanamh, i scríbhinn nó ar bhealach ar bith eile, ag céim ar bith. Is cion é má dhéantar sin agus d'fhéadfaí tú a fhágáil amach as an bpróiseas roghnúcháin dá bharr. Aon duine a sháraíonn an fhoráil seo, nó a chuideoidh le duine nó daoine eile an fhoráil seo a shárú, dlífear é nó í a ionchúiseamh agus/nó beidh sé nó sí faoi dhliteanas caingean shibhialta i leith cóipcheart agus maoin intleachtúil a chailleadh.

## Cód Cleachtais a Shárú

Aon duine a sháróidh na forálacha thuas nó a chuideoidh le duine eile na forálacha thuas a shárú, beidh sé nó sí ciontach i gcion. Aon duine a chiontófar i gcion, dlífear fíneáil/príosúnacht a chur air nó uirthi.

Ina theannta sin, más rud é, sa chás go gciontófar duine i gcion, agus go raibh sé nó sí nó go bhfuil sé nó sí ina iarrthóir nó ina hiarrthóir i bpróiseas earcaíochta:

- dícháileofar é/í mar iarrthóir agus eisiafar é/í ón bpróiseas;
- má ceapadh é/í chuig post i ndiaidh an phróisis earcaíochta, cuirfear as an bpost iad.

## Trealamh Taifeadta a Úsáid

Ní cheadaíonn an tSeirbhís Phromhaidh aon chineál trealamh taifeadta a úsáid ar a háitreabh gan cead a bheith faighte ina leith. Baineann sé seo le haon chineál taifeadta fuaime agus le haon

chineál taifeadta íomhá ná fístaifeadta, bíodh taifeadadh fuaime san áireamh nó ná bíodh, agus clúdaíonn sé aon chineál trealaimh a úsáidtear chun na gcríoch sin.

Ní mór d'aon duine ar mian leis trealamh den sórt sin a úsáid chun aon cheann de na críocha seo cead i scríbhinn a lorg roimh ré. Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun príobháideachas na mball foirne agus na gcustaiméirí agus ionracas an ábhair measúnaithe agus na bpróiseas measúnaithe a chosaint.
Sárú ar an bpolasaí seo is ea úsáid gan cead trealaimh taifeadta ag aon duine. D'fhéadfaí aon iarrthóir atá bainteach le sárú den sórt sin a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfadh an t-iarrthóir sin a bheith faoi réir ionchúisimh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Ina theannta sin, sa chás go raibh nó go bhfuil duine a fuarthas ciontach i gcion ina iarrthóir/ina hiarrthóir ag próiseas earcaíochta:

- sa chás nár ceapadh é/í i bpost, dícháileofar é nó í mar iarrthóir, agus
- sa chás gur ceapadh é/í i ndiaidh an phróisis earcaíochta, caillfidh sé/sí an ceapachán sin.

## Critéir Shonracha Iarrthóirí

Ní mór d'iarrthóirí:

- Eolas agus cumas a bheith acu chun dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh;
- A bheith oiriúnach ó thaobh pearsantachta de;
- A bheith oiriúnach i ndáil le gach gné ábhartha eile maidir le ceapachán chuig an bpost atá i gceist;
- agus má éiríonn leis an iarratasóir, ní cheapfar é/í chuig an bpost ach amháin sá chás:
- Go n-aontaíonn sé/sí tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost agus go nglactar leis na cúinsí ina gcuirtear na dualgais i gcrích nó ina bhféadfadh sé a bheith riachtanach chun na dualgais a chur i gcrích.
- Go bhfuil sé/sí go hiomlán inniúil agus ar fáil chun tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost agus go bhfuiltear go hiomlán cumasach tabhairt fúthu sin.

## Nuair a mheastar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar

Ní bheidh aon éileamh eile chun a mbreithnithe ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh mar a iarrann an tSeirbhís Phromhaidh agus nuair a iarrann sí nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise a theastaíonn ón tSeirbhís Phromhaidh i dtaca le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

Táthar ag súil go gcuirfidh iarrthóirí gach cáipéis a iarrtar ar fáil don tSeirbhís Phromhaidh, lena n-áirítear gach foirm a d'eisigh an tSeirbhís Phromhaidh lena gcomhlánú, laistigh de chúig lá ó fuarthas an iarraidh. Mura ndéantar amhlaidh, measfar an t-iarrthóir a bheith tarraingthe siar ón gcomórtas agus ní dhéanfar a n-iarrthóireacht a mheas a thuilleadh.

## Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Tá sé d’aidhm againn seirbhís d’ardchaighdeán a chur ar fáil do na custaiméirí ar fad. Más rud é, ar chúis ar bith, go bhfuil tú míshásta le haon ghné den tseirbhís a fhaigheann tú uainn, iarraimid ort é sin a chur in iúl don aonad nó don bhall foirne atá i gceist. Tá sé seo tábhachtach mar go gcinntíonn sé go bhfuilimid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir linn na céimeanna cuí a ghlacadh chun í a réiteach.

Tabharfar aiseolas ach é a iarraidh i scríbhinn. Ní bheidh aon tionchar ag iarraidh ar aiseolas ar an tréimhse atá leagtha amach chun athbhreithniú a lorg.

## An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018, agus tháinig sé in áit an chreata cosanta sonraí atá ann faoi Threoir ón AE maidir le Cosaint Sonraí.

Nuair a chláraíonn tú le jobs.justice.ie nó nuair a chuireann tú iarratas isteach ar chomórtas, cruthaímid taifead ríomhaire i d’ainm. Baintear úsáid as faisnéis a chuirtear isteach le hiarratas ar phost chun d’iarratas a phróiseáil. Sa chás go n-úsáidtear seirbhísí tríú páirtithe chun d’iarratas a phróiseáil, d’fhéadfadh sé tarlú go mbeadh gá le faisnéis a chur ar fáil dóibh ach mar sin féin déanfar gach réamhchúram riachtanach chun slándáil do shonraí a chinntiú.